Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Lúnasa 2025**
**(OR. en)**

**12107/25**

**SOC 565**
**EMPL 379**
**SAN 507**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair<br>Ceapachán Carlos NUNES, comhalta don Phortaingéil, in ionad Nelson FERREIRA, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Nelson FERREIRA tar éis éirí as oifig mar chomhalta den Bhord Bainistíochta thuas i gcatagóir na n-ionadaithe rialtais (thar ceann na Portaingéile).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94[1] ón gComhairle, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha an Bhoird Bainistíochta.

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 58.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá Carlos NUNES ainmnithe ag rialtas na Portaingéile don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Márta 2027.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU- OSHA), mar a leagtar amach in 12108/25 é, a ghlacadh mar mhír ‘A’, agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.